museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

# Oifigeach Oideachais Cúnta (Coimeádaí Cúnta Grád II)
# Roinn Oideachais

Tá iarratais á lorg ag **Ard-Mhúsaem na hÉireann** ó iarrthóirí oiriúnacha chun post **Oifigeach Oideachais Cúnta** (Coimeádaí Cúnta Grád II) sa Roinn Oideachais. Post lánaimseartha é seo, a líonfar tar éis comórtas iomaíoch oscailte.

**Cur Síos Gonta ar an bPost**:

Is foinse uathúil in Éirinn é an Músaem, trína ndéantar oidhreacht an náisiúin a chaomhnú, nuair is cuí, agus trína ndéantar ceangal ríthábhachtach leis an am atá caite sa tír seo. Cuireann an Roinn Oideachais daoine i lár a chuid gníomhaíochtaí ar fad, cuirtear an t-ábhar i láthair an phobail ar shlite nua cruthaitheacha agus déantar taighde ar réimsí éagsúla. Déanann an Roinn raon clár, acmhainní agus seirbhísí oideachais agus foghlama a dhearadh, a fhorbairt agus a mheasúnú ionas gur féidir le pobail éagsúla eolas a chur ar na bailiúcháin náisiúnta ar shlite spreagúla nuálacha.

Tá ról lárnach ag an Músaem mar fhoinse foghlama agus eolais ar stair chultúrtha agus nádúrtha na hÉireann. Tugann os cionn milliún duine cuairt ar Ard-Mhúsaem na hÉireann gach bliain, díobh sin bhí 173,473 páirteach i gcláir agus seirbhísí foghlama an Ard-Mhúsaeim in 2019. Díobh sin, bhí 104,016 duine óg ón earnáil oideachais fhoirimiúil páirteach i gcláir agus i seirbhísí foghlama an Ard-Mhúsaeim. Tá duaiseanna buaite ag an Ard-Mhúsaem thar na blianta dá chláir agus dá sheirbhísí oideachais agus foghlama. Ina theanta sin, tá gradaim buaite aige as taispeántais, cúram do bhailiúcháin agus tionscadail chaomhantais.

## TREORACHA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Íoslódáil foirm iarratais agus doiciméid eile ó https://www.museum.ie/en-IE/About/Careers/Vacancies

Iarrtar ar iarratasóirí foirm iarratais a líonadh isteach agus CV suas chun dáta agus litir chlúdaigh a chur isteach leis. Caithfear gach ceist ar an bhfoirm iarratais a fhreagairt agus iad a chlóscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa.

Iarraimid ort **gach ceann de na trí dhoiciméad a chomhcheangal agus a chur isteach i bhfoirm PDF amháin** Mura ndéantar, féachfar air mar iarratas neamhiomlán agus ní chuirfear san áireamh é.

Tosaigh an próiseas iarratais ar leathanach Vacancies.

**Céimeanna chun Iarratas a Dhéanamh:**

- Gabh chuig an leathanach Vacancies agus roghnaigh an post ar mian leat cur isteach air.
- Léigh sonraí iomlána an phoist sa Leabhrán Eolais.
- Feicfidh tú na doiciméid atá riachtanach do d'iarratas i bhfoirm nasc ar an leathanach seo.
- Cliceáil gach doiciméad agus osclóidh sé i bhfuinneog nua. Déan gach doiciméad a íoslódáil/a shábháil ar do ríomhaire/ar do ghléas.
- Líon isteach na doiciméid riachtanacha, agus déan PDF amháin de na doiciméid, do CV agus do litir chumhdaigh.
- Agus é sin déanta, fill ar shuíomh gréasáin an NMI agus críochnaigh an próiseas iarratais.
- Arís, ón leathanach Vacancies roghnaigh an post is mian leat cur isteach air.
- Cliceáil an cnaipe Apply Now
- Líon isteach an fhoirm
- Uaslódáil do PDF aonair ceangailte

Iarrtar ort **seoladh riomhphoist bailí monatóirithe** a thabhairt ar an bhfoirm iarratais. Úsáidfear an seoladh chun fáil an iarratais a admháil leat agus mar an príomhfhoirm teagmhála a bheidh againn le hiarratasóirí.

Ní mór d'iarratasóirí aird a thabhairt ar an dáta agus ar an am deiridh, a chuirfear i bhfeidhm gan eisceacht.

**Spriocdháta na nIarratas**

# Ní mór iarratais a bheith faighte ar 17:00 tráthnóna Dé hAoine 18 Meán Fómhair 2020